Eagrán
19
Bealtaine 2020

# JCToday

an t-eagrán seo

Podchraoltaí na Sraithe S
Seimineáir Ghréasáin na Sraithe Sóisearaí
Ealaíona sa tSraith Shóis.
Fóram na gComhaltaí
An Scoil Uile
Ceannaireacht



## Eolas is Déanaí




Planning for and assessing the Junior Cycle 'big picture' learning outcomes

Collaborative and classroom planning for First-Year Junior Cycle History

An Introduction to the Junior Cycle History Specification

Buíochas mór leo siúd uile a ghlac páirt sa tsraith de sheimineair ghréasáin ar Stair na Sraithe Sóisearaí

Tá na seimineair ghréasáin sin, atá ar fáil anseo, dírithe go príomha ar mhúinteoirí a bheas ag teagasc Stair na Sraithe Sóisearaí don chéad uair in 2020/2021.

### Measúnú agus Tuairisciú

Féadfaidh scoileanna teimpléad tuairiscithe a úsáid atá ar fáil ón CNCM, ach ta an tsaoirse acu freisin a leagan amach féin a cheapadh don tuairisc. Treoirlínte 29 Aibreán 2020 @Education Ire,. Cliceáil anseo don teimpléad:



**Fáilte go dtí an 19ú heagrán de JCToday**, is é an t-eagrán seo an ceann deiridh sa scoilbhliain 2019/2020. Feicfidh sibh go bhfuil se líon lán le faisnéis, naisc, agus leis an eolas is déanaí maidir lenár gcuid oibre. Tá súil agam go gcuirfidh sibh spéis ann. Tá 2019/2020 ag druidim chun deiridh agus táimid ag dréim le 2020 / 2021 a bheith níos fearr.

Agus séasúr na saoire ag tosú, is mian le SSM an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis na ceannairí scoile, na múinteoirí, an fhoireann riaracháin, na cúntóirí riachtanais speisialta uile, an t-airíoch agus an fhoireann choimhdeachta, agus gach duine a d'oibrigh linn agus ar ár son le linn na bliana. Guím sos suaimhneach sona oraibh.



**An Dr.Pádraig Kirk**
**Stiúrthóir FGL don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí**

### *Teachtaireacht ón Eagarthóir*



**Tiernan O'Donnell**
**Ceannaire Foirne**
**An Scoil Uile**

9.00 am Dé Luain, 2 Meán Fómhair 2019, tosaíonn múinteoirí agus scoláirí bliain nua acadúil lán fuinnimh agus dochair agus iad ag súil leis na dúshláin agus na deiseanna rompu. 9.00 am Dé Luain, 25 Bealtaine 2020; tá gach rud athraithe, foirgnimh scoile dúnta do scoláirí, teagasc agus foghlaim ag tarlú ar líne, teanga nua tagtha chun cinn dá lán againn; tá na téarmaí amhail cruinnithe Zúm, tionóil Google, Edmodo agus Socrative ar a dteanga ag các anois. Tá measúnuithe ar líne, gan trácht ar ghráid thuarthacha, tar éis amach as an ngéarchéim reatha mar shlí chun tosaigh. Cá dtéimid uaidh seo? Cen chuma a bheas ar mheasúnú do na scoláirí? Cén chaoi is fearr ar féidir liom cabhrú le mo scoláirí? Cad é faoi scoileanna ag athoscailt? Is iomaí ceist atá ann, agus sea, is gann, faoi láthair, na freagraí. Agus é ag freagairt do roinnt de na buarthaí sin i dtaca leis an bpaindéim reatha, áitíonn an tOllamh John Hattie, príomhthaighdeoir oideachais, nach mbíonn tionchair ródhiúltach ar thorthaí scoláirí má bhíonn scoileanna dúnta ar feadh tréimhsí fada "is é an fhianaise atá ann gur beag an éifeacht, go háirithe ar scoláirí taobh thíos den scoil láir, ach go n-éiríonn siad níos mó tar éis na scoile láir, go háirithe sa mhata". Maíonn sé nach é an t-am sa rang, "ach an rud a dhéanaimid san am atá againn atá tábhachtach". Déanann sé amach gur féidir le scoileanna, is cuma cén meán a úsáidtear, a bheith ina moil freagartha agus téarnaimh, áit ina dtacaítear le téarnamh mothúchánach agus ina gcothaítear comhtharraingt shóisialta—agus tá sé sin, dar leis, "chomh tábhachtach céanna le haon bhua gnóthachtála".

Cén chuma a bheas ar an tírdhreach oideachais i Meán Fómhair? Bhuel, beidh orainn fanacht go bhfeicfidh muid, ach tá roinnt nithe atá cinnte. Leanfaidh múinteoirí orthu ag brú siar na dteorainneacha teagaisc agus foghlama, ag féachaint chuige go gcothaítear agus go gcoinnítear an timpeallacht foghlama is fearr do scoláirí. Leanfaidh ceannairí scoile orthu ag cabhrú le múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí de réir fhís na scoileanna. Mar sheirbhís tacaíochta, leanfaidh SSM orthu ag soláthar tacaíocht ghairmiúil mar fhreagairt do riachtanais ar leith na scoileanna. Ní neamhoiriúnach iad briathra Henry Ford ar an aimsir seo "Má bhíonn gach duine ag bogadh chun tosaigh le chéile ansin amharcfaidh an rath ina dhiaidh féin".

Bainigí sult as an mbriseadh!

# Uasdátú

Do scoláirí atá sa 2ú bliain, níl na príomhdhátaí a eisíodh i dtaca le **MRB1anna** bailí níos mó. Nuair a bheas sé ar fáil, tabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis eolais ar chur i gcrích na MRBnna don chohórt scoláirí seo.




**Treoirlínte do Scoileanna ar Mheasúnú agus Tuairisciú** ar Fhoghlaim Scoláirí ag an tSraith Shóisearach (Beal 2020) 'Ceisteanna & Freagraí) Breathnaigh ar an nasc seo chun tuilleadh eolais a fháil.




**Treoir ar Scolaíocht Leanúnach** ag cabhrú le ceannairí scoile ag úsáid tacaí TF chun pleanáil don leanúnachas i dtacaíocht treoirchomhairlithe.




## Podchraoltaí na Sraithe Sóisearaí

Siar i mí Mhárta March, bhí lúcháir orainn a bheith ag lainseáil ár gcainéil nua podchraoltaí – Sraith Shóisearach ag Caint. Breathnófar sna seachtainí agus sna míonna romhainn ar rogha de thopaicí sa tsraith shóisearach sa chainéal seo. Is féidir teacht ar na podchraoltaí is déanaí uainn thíos. Cuardaigh muid ar Soundcloud nó in aon áit a n-éisteann tú le Podchraoltaí.















*"Má tá sa tóir ar rud éigin nach mbaineann leis an gcoróinvíreas le héisteacht leis, labhair mise le SSM cúpla mí ó shin faoin gcruthaitheacht sa mhata, mata a theagasc i gcomhair tuisceana & oideachas múinteoirí".*







## Gradam Náisiúnta Scéal Digiteach NTI - Cén Scéal atá Agat?

I bhfianaise na ndúshlán i gcúrsaí teagaisc agus i dtacaíocht do scoláirí a bhíonn ag obair go digiteach anois, cuireadh leis an spriocdháta, go dtí 29 Bealtaine, i gcomhair iontrálacha don chomórtas 'Gradam Náisiúnta Scéal Digiteach NTI, Cén Scéal atá Agat?', i gcomhar le Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann. Is mian linn buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach go dtí seo agus táimid ag súil leis an sruth deiridh iontrálacha sna laethanta atá romhainn, ar féidir iad a sheoladh isteach anseo.




## Roinnt Machnaimh ar Shraith Shóisearach iarphaindéimeach

In alt ar na mallaibh le haghaidh *Leader,* déanann Pádraig Kirk (Stiúrthóir, SSM) machnamh ar an gceist, 'Cén chuma a bheas ar an ngnáthrud anois?"




"Baineadh croitheadh as an saol s'againn ag Covid 19, croitheadh nár bhraith aon duine againn a leithéid riamh roimhe. Iompaíodh ar saol pearsanta agus gairmiúil araon bun os cionn agus ní taise don chóras oideachais a coscraíodh chomh maith. I dtéarmaí na Sraithe Sóisearaí dhírigh an phaindéim aird ar an gcaoi a mbíonn:

**Scoileanna ag coinneáil orthu**…ní féidir ach ardmheas a bheith againn ar ár gcuid scoileanna, ceannairí, múinteoirí agus iad uile, agus iad uile ar a ndícheall chun 'an fhoghlaim a choinneáil ag dul'. Tá an teicneolaíocht faisnéise á húsáid ag a lán scoileanna agus múinteoirí anois ar bhealaí nua spreagúla chun teacht thart ar ghanntanas teagmháil fhisiceach an tseomra ranga. Tá a lán múinteoirí ag baint lánearraíocht as na scileanna atá acu cheana agus tá mórán eile ag foghlaim scileanna nua TF, go han-ghasta.

Ba dheacair a shamhlú nach dtiocfadh athrú mór ar an gcaoi a mbímid ag fanacht i dteagmháil, ag teagasc agus ag idirphlé lenár gcuid scoláirí i gcomhthéacs nua an teagaisc agus na foghlama tar éis don chuar cothromú arís agus an saol a theacht ar ais ar a sheanléim nua "normálta". Is féidir an t-alt a léamh ina iomláine anseo.

Tá taifead ar ábhar an tseimineáir ghréasáin 'Téacsanna agus Tascanna: An Litríocht mar shíol an eispéiris fhoghlama' ar fáil anois ar an suíomh seo sna fo-rannáin 'Ceardlanna' agus ansin 'Ceardlanna Roghnacha T1' sa roghchlár ar chlé nó faoi 'Acmhainní'. Féach an nasc thíos. Maireann an taifead 1u11n.

T1: Téacsanna agus Tascanna: An Litríocht mar shíol an eispéiris fhoghlama

T2: Téacsanna agus Tascanna: An Litríocht mar shíol an eispéiris fhoghlama

Chruthaigh ár bhfoireann CFL1/L2 nuachtlitir bunaithe ar na Treoracha do Scoileanna ar Mheasúnú agus ar Thuairisciú na Sraithe Sóisearaí 2020. Déanaimid iniúchadh ar roinnt teachtaireachtaí móra agus freagraímid roinnt de bhur gcuid ceisteanna thart orthu sin. Tá teacht ar an nuachtlitir anseo.

Tá hanlaí giolcaire ag SSM chun tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí

Music

Science

History

Modern Foreign Languages

Gaeilge

Geography


Arts in Junior Cycle


Visual Art


Religious Education

# Seimineáir Ghréasáin

Bhí naoi gceann is fiche de Sheimineáir Ghréasáin i gceist lenár Seachtainí de Sheimineáir Ghréasáin a éascaíodh idir 23 Márta agus 30 Aibreán. Le blianta beaga anuas, bíonn tóir mhór ar na hacmhainní seo i measc múinteoirí. Gheobhaidh tú na hacmhainní seo uile ar na leathanaigh chuí dár suíomh gréasáin www.jct.ie














## Tacaí breise Seimineáir Ghréasáin le seachtainí anuas

**Timthriall Fiosrúcháin a iniúchadh do Sheimineáir Ghréasáin Ghearrchúrsa na Fealsúnachta**

Cé nach dtiocfadh linn comhoibriú libh inár gcuid imeachtaí FGL Fealsúnachta a sceidealadh do mhí Mhárta, chruthaigh muid sraith de cheardlanna 'Timthriall Fiosrúcháin a iniúchadh do Sheimineáir Ghréasáin Ghearrchúrsa na Fealsúnachta'. Cliceáil anseo




**Seimineár Gréasáin Corpoideachais**

Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí – Ag tacú le foghlaim ábhartha le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Cliceáil anseo

**Seimineár Gréasáin CFL1anna / CFL2nna**

Comhrá le Scoileanna Speisialta ar Threoirlínte Measúnaithe agus Tuairiscithe na Sraithe Sóisearaí Cliceáil anseo

# Ealaíona sa tSraith Shóisearach

Ó bhí Meán Fómhair 2019 ann, ghlac na céadta múinteoir páirt in eispéiris foghlama roghnacha d'Ealaíona sa tSraith Shóisearach in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Thug na deiseanna roghnacha sin am agus spás do mhúinteoirí dul i gceann réimse d'fhoirmeacha agus d'eispéiris ealaíne. Agus iad oscailte do mhúinteoirí ó aon ábhar, dhírigh siad ar fhoirmeacha ealaíne amhail líníocht, grianghrafadóireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, scannáin, rap, beochan agus deileadóireacht.

Bhí clár an Earraigh 2020 ag dul go maith againn go dtí gur bhuail géarchéim na paindéime muid. Ar ndóigh, b'éigean roinnt ceardlann agus tionscnaimh eile a chur ar athlá. Bheadh súil againn na ceardlanna agus na tionscnaimh sin a thairiscint do mhúinteoirí amach anseo.

## Roinnt Buaicphointí na Bliana

***DesignSKILLS. SSM i gcomhar le Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann***

Ghlac 28 múinteoir páirt in SCILEANNADearaidh ó Mheán Fómhair go Nollaig 2019. Thug an togra deis do mhúinteoirí Amharc-Ealaíne, agus da scoláirí obair chomhoibríoch a dhéanamh le déantóir dearaí. Bhí imeachtaí machnaimh ann i mí na Nollag, agus bhí an t-aiseolas an-dearfach.

***Lemme Start! SSM i gcomhar le Filíocht Éireann***

I mí na Samhna lainseáil muid Lig Dom Tosú! – comhfhiontar idir Ealaíona sa tSraith Shóisearach agus Filíocht Éireann. D'oibrigh múinteoirí as 23 scoil i gcuideachta scríbhneoirí ar cuairt le scoláirí sa chéad bhliain.









***Cruthaigh Ceol: Ag Úsáid Teicneolaíochtaí Digiteacha* i gCeol na Sraithe Sóisearaí,** Ceol agus Ealaíona SSM sa tSraith Shóisearach. Bhí an-rath ar an tsraith seo de cheardlanna roghnacha tráthnóna, agus líon mór múinteoirí ag freastal ar gach seisiún.

Ár hanlaí giolcaire chun cabhrú le múinteoirí

- Leadership Team
- Maths
- Classics
- JCT4
- English
- Home Economics
- Business Studies
- L1/L2 LPs
- Coding

# Ealaíona sa tSraith Shóisearach

***POW! Punann Scríbhneoireachta* – Tionscadal Píolótach le Briathra Troda**

I mí na Samhna, lainseáil muid POW! Punann Scríbhneoireachta i bPáirtnéireacht le Briathra Troda. Ghlac 20 múinteoir páirt i gceardlanna scríbhneoireachta seachtainiúla agus iad ag forbairt píosa le foilsiú in POW! 2019/20. Déanfar an leabhar, dar teideal *Visions and Revisions* a fhoilsiú i Meitheamh agus seolfar cóipeanna chuig gach rannpháirtí.









**Tríd *Hibrid,* comhthionscnamh idir SSM agus an Scoil Dearaidh agus Ealaíona Cruthaitheacha (ITGME),** bhí deis phraiticiúil ag rannpháirtithe ábhair a iniúchadh in dhá agus i dtrí thoise.



Tar éis a fheabhas a d'éirigh le *Mise agus Mo Chuid Ceoil* do scoláirí sa Dara Bliain in 2019, lainseáladh ***Mise agus Mo Chuid Ceoil*** don chéad bhliain i bhFeabhra 2020.



**Sraith Podchraoltaí Ealaíona sa tSraith Shóisearach**

Ó mhí Mhárta, bhí muid gnóthach ag obair ar shraith de phodchraoltaí chomh maith le bealaí úra nuálacha a fhorbairt chun cabhrú le múinteoirí tabhairt faoi na healaíona agus foghlaim. Sa tsraith go dtí seo, ta agallamh again leis an gcartúnaí, Luke Healy agus leis an ealaíontóir, Eileen O'Sullivan. Tá rún againn meascán saibhir cainteanna le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíne a sholáthar. Tá tréan podchraoltaí eile le teacht!

Tá teacht ar Phodchraoltaí Ealaíona sa tSraith Shóisearach ar rannán na nEalaíon sa tSraith Shóisearach de JCT.ie agus ar Chainéal Cainteanna na Sraithe Sóisearaí ar Soundcloud.

## Ealaíona sa tSraith Shóisearach

Is í an aidhm atá le ceardlanna cabhrú le prionsabail agus príomhscileanna a chomhtháthú, sa tSraith Shóisearach (2015), Cairt na nEalaíon san Oideachas agus Clár Éire Ildánach (2017 – 2022) Colún 1: Óige Chruthaitheach.


Cabhraíonn na heispéiris foghlaim ghairmiúil seo le múinteoirí a bhíonn ag plé leis na healaíona agus foghlaim sa tSraith Shóisearach, agus faigheann siad tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach 2017-2022 agus ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM).

Lean sinn ar Twitter @JuniorCycleArts. Cláraigh anseo le dul ar ár liosta seachadta

**Ag Teacht ar Ball...**
Tionscnamh píolótach ealaíona digiteacha do mhúinteoirí i gcomhpháirt le Ceamara Éireann ... tionscnamh ar líne do mhúinteoirí scoláirí CFL1 / CFL2... EFG Taibhiú Ealaíne ...agus a lán eile!

# Innealtóireacht

Chas **Foireann Innealtóireachta JCt4** le corradh agus 600 múinteoir i mbliana ag ár gceardlanna cnuasaigh FGL. Díríodh i gceardlanna na bliana seo ar theagasc, foghlaim agus measúnú, agus cuireadh béim láidir ar chleachtas ranga sa seomra Innealtóireachta. Is chun cabhrú le múinteoirí dul i ngleic le gach gné den tsonraíocht Innealtóireachta a ceapadh an cheardlann. Tá ábhair ár gceardlanna FGL uile ó 2019/2020 le fáil anseo.




Ag cur san áireamh an aiseolais a fuarthas ó mhúinteoirí i dtaca le gá le huas-sciliú sa Mheicitreonaic, dhear Foireann Innealtóireachta JCt4 ceardlann FGL roghnach dar teideal: Buntreoir do Bhogearraí Rialúcháin sa Mheicitreonaic. Is ar mhúinteoirí Innealtóireachta agus Teicneolaíocht Fheidhmeach atá an cheardlann dírithe. Eagraíodh na ceardlanna seo ar fud na tíre agus bhí freastal an-mhaith orthu. Tá teacht ar na hábhair uile don cheardlann FGL anseo.




Craoladh ár seimineár gréasáin dar teideal: "Fadhbréiteach Spriocthreoraithe" in Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí" ar 30 Márta i mbliana. Sa seimineár gréasáin seo, chuir Foireann Innealtóireachta JCt4 rompu breathnú ar ghné amháin d'aidhm na sonraíochta Innealtóireachta. Tugann an aidhm sin deis do scolairí tabhairt faoin bhFadhbréiteach a chleachtadh agus iad ag iarraidh beocht a chur sa ghné seo den aidhm sin sa tsonraíocht. D'oibrigh muid freisin leis an gcomhlacht innealtóireachta Combilift chun scannán spreagúil nuálach a léiriú agus léargas iontach a thabhairt dúinn ar "Fadhbréiteach Spriocthreoraithe" ag tarlú ina dtionscal féin. Is féidir teacht ar na hábhair uile a úsáideadh ar an oíche, taifead den seimineár gréasáin san áireamh, anseo.



Ar an drochuair, b'éigean cúpla ceardlann FGL roghnach a chur ar athlá de bharr chás COVID-19, ba iad sin: **Scéalaíocht Shoghluaiste:** Ceardlann FGL roghnach arbh é a haidhm deis a thabhairt do mhúinteoirí gach ábhar ealaín agus próiseas na scéalaíochta a iniúchadh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. D'fhéach an cheardlann chuige eispéireas praiticiúil a thabhairt ar fhuaim agus ar fhísgrafaíocht shaor chun inneachar ilmheáin a chruthú agus a chur in eagar ar aon ghaireas soghluaiste. Ba í an aidhm a bhí leis an gceardlann seo, a forbraíodh i gcomhar lenár gcomhpháirtithe in Titanium Media, ligean do mhúinteoirí cuir chuige nuálacha a fhiosrú chun teicneolaíocht dhigiteach a thabhairt isteach ina seomra ranga a ligfeadh do scoláirí na scileanna a fhorbairt a theastaíonn uathu le bheith cruthaitheach agus iad ag cumadh machnaimh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus obair ranga eile.



**Priontáil 3T sa Seomra Ranga – Cruthaitheacht agus Dearadh:** Is í an aidhm atá leis an gceardlann seo cabhrú le múinteoirí ar mian leo tuiscint níos fear a fháil ar thairbhí na priontála 3T sa seomra ranga. Beidh tuiscint ag múinteoirí ar na bunchéimeanna chun réitigh a cheapadh ar fhadhbanna dearaidh, samhaltáin dhigiteacha a chruthú de na réitigh sin agus de fhréamhshamhlacha 3T. Tabharfar cabhair do mhúinteoirí freisin chun modhanna priontála 3T a úsáid sa seomra ranga agus chun iad a chothabháil. Tá sé beartaithe an dá sheisiún roghnacha a reáchtáil sa scoilbhliain 2020 / 2021, ag brath ar an gcomhairle sláinte maidir lena leithéid d'imeacht a chur ar siúl, agus ár bpáirtnéirí a bheith ar fáil. Chun fanacht ar an eolas, cláraigh lenár liosta seoltaí anseo.

## 2020/2021

Bhí Foireann Innealtóireacht JCt4 an-ghnóthach ag forbairt ruda, tá súil againn, a bheas ina eispéireas FGL idirghníomhach agus praiticiúil i gcomhair na gceardlann cnuasaigh in 2020 -2021. Tá sé i gceist againn tábhacht na **mBriathra Gnímh** sa tsonraíocht a fhiosrú, go háirithe le linn eispéiris foghlama agus tionscadail a fhorbairt dár scoláirí. Ta súil againn iniúchadh níos mine a dhéanamh ar struchtúr an MRB. San iarnóin, táimid ag brath tumadh isteach i snáithe na Meicitreonaice agus eispéiris foghlaimeoirí agus tionscadail fhéideartha a fhiosrú a bheadh indéanta ina leithéid de shnáithe spreagúil.

Le go mbeidh an seisiún FGL chomh torthúil agus is féidir d'iarrfaimis ar gach múinteoir aonad foghlama a thabhairt leo a cheap siad le haghaidh rang-ghrúpa atá siad a theagasc mar aon le ríomhaire glúine (atá luchtaithe go hiomlán).

In 2020 -2021 freisin beidh muid ag leathnú isteach i spás na bpodchraoltaí, agus roinnt acu ar na bacáin cheana.

**Coinnigh súil air seo!**



**Chugainn go luath…**
**Podchraoltaí JCt4:**



Beidh foireann JCt4 ag cruthú podchraoltaí spreagúla agus suimiúla do mhúinteoirí sna ceithre hábhair Theicneolaíochta, agus an Teicneolaíocht Fheidhmeach ina measc. Fan i dteagmháil agus gab har ár liosta seoltaí chun gur féidir leat éisteacht leis na podchraoltaí seo a luaithe agus a bhíonn siad ar fáil.

Sa chead phodchraoladh beidh muid ag caint le Aoife O'Dwyer. Is dearthóir, maisitheoir, ealaíontóir agus léiritheoir í Aoife. I rith an lae is Físdearthóir Sinsearach í leis an ngníomhaireacht Each&Other agus díríonn sí ar thionscadail chruthaitheacha dhigiteacha Dearadh Eispéireas Úsáideoirí (UX) & Dearadh Comhéadán Úsáideoirí (UI). Is ball de Why Design í Aoife, tionscnamh a oibríonn chun tabhairt faoin éagothroime inscne i dtionscal an dearaidh ar fud na hÉireann, trí léiriú a dhéanamh de dhearthóirí mná Éireannacha mór le rá. Léiríonn Aoife freisin 'A Secret Magazine', blag fótagrafaíochta agus cabhraíonn se le grúpa ealaíne, Bunny Collective, a reáchtáil.

# Teicneolaíoht Fheidhmeach

**FGL Teicneolaíocht Fheidhmeach 2019/2020**




Bhí bliain an-chruógach ag foireann Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 agus muid ag obair el múinteoirí inár gcroícheardlanna le linn 2019/2020. San iomlán, bhuail muid le 254 múinteoir Teicneolaíocht Fheidhmeach in Ionaid Oideachais ar fud na tíre. Díríodh sna ceardlanna se oar theagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin i seomra rang na Teicneolaíochta Feidhmí. Tá teacht anseo ar na hábhair uile a bhí in úsáid inár gceardlanna ó 2019 / 2020.

De dheasca Covid-19, seans go mbeidh cur isteach ar FGL don dara hábhar, a tharlaíonn de ghnáth i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair in Ionaid Oideachais. Chun cabhrú le múinteoirí a chaill an lá sin i mbliana, ta foireann na Teicneolaíochta Feidhmí ag forbairt acmhainn dhigiteach idirghníomhach, a bheas ar fáil go luath i rannán na Teicneolaíochta Feidhmí dár suíomh gréasáin www.jct.ie.

**FGL Roghnach:**



Reáchtáil foireann Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 dhá sheisiún roghnacha an-mhaith do mhúinteoirí i mbliana freisin. Rinne an-chuid múinteoirí freastal ar ár seisiún roghnach 'Fadhbréiteach trí Chódú, Rialúchán Feidhmeach agus Meicitreonaic' agus ar ár seimineár gréasáin 'An áait le Tósú agus Tasc Dearaidh á Fhiosrú i Seomra Ranga na teicneolaíochta Feidhmí. Tá na hacmhainní ar fáil anois don dá sheisiún roghnacha sin ar ár suíomh gréasáin anseo.

Déanfar athsceidealú ar ár seisiúin roghnacha Dolmen agus GMIT, a bhí le tarlú i mí Bealtaine, le go mbeidh siad ann an chéad bhliain acadúil eile. Fógrófar dátaí agus ionaid nuair a bheas na seisiúin roghnacha seo socraithe.

**Dúshláin na Cianfhoghlama:**



De réir an aiseolais a fuair muid ó mhúinteoirí agus ó scoláirí Teicneolaíocht Fheidhmeach, is mór a chabhraigh ár ndúshláin sheachtainiúla leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim le linn na paindéime reatha. Fuair muid roinnt samplaí de shaothar na scoláírí, a postáladh ar ár bhfotha Giolcaire. Fiú amháin leis na deacrachtaí a bhaineann le cianteagasc agus le cianfhoghlaim, b'iontach go deo obair na scoláirí. Da mba mhaith leat teacht ar na dúshláin sin arís, tá siad le fáil i rannán na n-acmhainní dár suíomh gréasáin anseo.

**FGL na Teicneolaíochta Feidhmí 2020/2021:**

Tá foireann Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 ag dearadh faoi láthair ár lae FGL do mhúinteoirí in 2020/2021. Tar éis bhur gcuid aiseolais a chur san áireamh, tá roinnt bunchloch a chuirfidh bonn eolais faoi dhearadh an lae seo. Ina measc, fiosrófar cur chuige agus comhtháite i leith na foghlama sa Teicneolaíocht Fheidhmeach agus an tábhacht a aithint atá le machnamh scoláirí chun cabhrú leis an bhfoghlaim. Leanfar freisin den bhreathnú ar mheasúnú agus beidh gníomhaíochtaí praiticiúla againn chomh maith i réimsí an rialúcháin mheicniúil agus fócas ar chumarsáid na faisnéise teicneolaíche. Don ghníomhaíocht deiridh sin beidh ar mhúinteoirí ríomhaire glúine lánluchtaithe a thabhairt leo ar lá an FGL.

# An Ghrafaic

Bhí bliain iontach gnóthach ag Foireann Grafaice JCt4 ag plé le múinteoirí i gcroíchúrsaí FGL agus i gcúrsaí roghnacha.

Chas foireann Grafaice JCt4 le 1265 múinteoir Grafaice in FGL aghaidh ar aghaidh le linn 2019 / 2020. Díríodh sna ceardlanna sin ar an gcur chuige comhtháite i leith Grafaice na Sraithe Sóisearaí, ar chuir múinteoirí béim air sa cheardlann agus iad ag anailísiú agus ag plé obair scoláirí agus teistiméireachtaí múinteoirí ar an méid a bhraith siad agus iad ag cur na hoibre seo le chéile. Tá na hábhair uile ónár gcuid ceardlanna FGL ó 2019/20 ar fáil anseo.

D'óstáil an fhoireann Grafaice trí chúrsa roghnacha freisin i mbliana i bhfoirm sheimineáir ghréasáin, a raibh 459 múinteoir rannpháirteach iontu. Tá teacht ar ár gcuid acmhainní seimineár gréasáin thíos ach cliceáil ar theideal an tseimineáir ghréasáin.





Seimineár Gréasáin 1: Ag Plé le Sonraíocht na Grafaice
Seimineár Gréasáin 2: An Ghrafaic á Cur i nGníomh
Seimineár Gréasáin 3: An Ghrafaic – Gníomhaíochtaí Foghlaim Dhigiteach

I bhfianaise chás na cianfhoghlama ina raibh idir mhúinteoirí agus scoláirí chuir foireann Grafaice JCt4 roinnt cáipéisí le chéile atá le fáil sa rannán Tacaí agus Acmhainní FGL ar shuíomh gréasáin www.jct.ie.





Áirítear orthu sin Dúshláin na Cianfhoghlama 2020, taifeadadh seimineár gréasáin a rinneadh le déanaí agus roinnt acmhainní ranga ón FGL roimhe seo.

# Seimineár Gréasáin - Gníomhaíochtaí Foghlaim Dhigiteach




Rinne an fhoireann Ghrafaice seimineár gréasáin a chraoladh le deireanas mar fhreagra ar an staid reatha ina bhfuil múinteoirí agus scoláirí i dtaca leis an gcianfhoghlaim. Díríodh sa seimineár gréasáin seo, a bhí ar an aer ar 11 Bealtaine 2020 ag 6.30 i.n., díríodh ar ghníomhaíochtaí foghlaim dhigiteach sa seomra Grafaice. Ba é príomhfhócas an tseimineáir ghréasáin léiriú thabhairt ar Tinkercad, bogearra samhaltaithe DRC néalbhunaithe, agus ar an ngné seomra ranga laistigh de. Ar an oíche, rinne ball den fhoireann Ghrafaice taispeántas beo ar sheomra ranga a leagan amach sa bhogearra agus ar roinnt bunghnéithe samhaltaithe agus an bogearra in úsáid. Mír thábhachtach eile sa seimineár gréasáin ab ea an t-ardán a tugadh do mhúinteoirí chun traidhfil samplaí a chomhroinnt de nithe a mbíonn tóir orthu i measc a gcuid scoláirí agus roinnt 'leideanna agus cleasa' a d'fhéadfadh a bheith acu dá gcomhghleacaithe teagaisc i ndáil leis an gcianfhoghlaim.




***Taispeántas RIAI:***


Thug Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ) deis do scoláirí Grafaice na chéad bhliana a gcuid oibre a chur ar taispeáint ag ceanncheathrú IRAÉ i gCearnóg Mhuirfean.

Iarradh ar scoláirí amharc ar an spás nó ar an réad an fhearr leo, an chéimseata a iniúchadh agus a thaispeáint den chaoi a bhféadfaí a dhéanamh níos fearr, agus e sin uile a chur in iúl go grafach.

De bharr na comhairle reatha ml scaradh sóisialta, eagrófar an taispeántas anois go digiteach ar shuíomh gréasáin IRAÉ agus is féidir iad a fheiceáil trí chliceáil anseo.

Gheobhaidh gach scoláire teastas rannpháirtíochta as ábhar a chur ar fáil le linn a gcuid cianfhoghlama.

Buíochas mór le IRAÉ, múinteoirí Grafaice agus scoláirí chéad bhliana na Grafaice as comhoibriú ar an tionscnamh seo. Tá sampla den iliomad iontrálacha a fuarthas le feiceáil thíos.



## Seachtain Náisiúnta na gCrann 2020

Bhí Seachtain Náisiúnta na gCrann ann ó 21 Márta go 27 Márta i mbliana. Chun Seachtain na gCrann a cheiliúradh rinne JCt4 óstáil ar thionscnamh dearaidh ceiliúradh crann. Tugadh cuireadh do scoláirí déantán a dhearadh a cheiliúrann an chaoi a gcuireann foraoisí agus crainn le feabhsú ár dtimpeallachta agus ár sláinte araon. Tuilleadh sonraí le fáil ar an bpóstaer promóisin anseo.

## Dúshláin na Cianfhoghlama

Thug foireann teicneolaíochtaí JCt4 tacaíocht do mhúinteoirí na dteicneolaíochtaí le linn na paindéime le déanaí trínár gcuid 'dúshláin sheachtainiúla'. Fuair muid roinnt freagraí ar na dúshláin seo a phóstáil muid ar ár bhfotha Twitter. Tá teacht anseo ar na dúshláin sheachtainiúla.

## Podchraoladh

Tá an fhoireann Teicneolaíocht Adhmaid ag cruthú Podchraoladh faoi láthair a rachaidh ar an aer go gairid. Fan ceangailte le @JCT4ed agus coimhéad an liosta seoltaí le cinntiú nach gcaillfidh tú é.

# Teicneolaíocht Adhmaid



Múinteoirí ag dul i gceann dúshlán dearaidh ar FGL 2019 / 2020

bhí bliain ghnóthach ag Foireann Adhmaid JCt4 amuigh ar an mbóthar le 1,150 múinteoir ag freastal ar ár gceardlanna FGL ábhar. Díríodh FGL na bliana seo ar theagasc, foghlaim agus measúnú, agus béim láidir ar chleachtas an tseomra ranga chun cabhrú le scoláirí agus iad a ullmhú le bheith rannpháirteach i ngach gné de shonraíocht na Teicneolaíochta trí eispéiris foghlama chomhtháite. Chun ábhair thacaíochta FGL na bliana seo a rochtain cliceáil anseo.

### Cuir Do Dhomhan a Chasadh



I gcomhar leis an tionscnamh *Ealaíona sa tSraith Shóisearach*, bhí lúcháir ar fhoireann Teicneolaíocht Adhmaid SSM a bheith ag comhoibriú leis an sárcheardaí Willie Creighton don cheardlann roghnach *Cuir do Dhomhan a Chasadh*. Dearadh *Cuir do Dhomhan a Chasadh* mar cheardlann roghnach aon lae do mhúinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí.

Ceapadh na ceardlanna chun deis a thabhairt do mhúinteoirí bealaí spreagúla a fheiceáil chun déantáin dheilte a chruthú sa seomra Teicneolaíocht Adhmaid. Sna ceardlanna féachadh le cruthaitheacht na múinteoirí a mhúscailt trí thriail a bhaint as deileadh adhmaid agus an bhéim ar airíonna nádúrtha agus aeistéitic an adhmaid a úsáid chun déantáin luachmhara a chruthú. Thriail na rannpháirtithe réimse teicnící deilte speisialaithe, ina measc deileadh teascánach, deileadh lannaithe, deileadh asláir agus eile.



Reáchtáladh trí cheardlann mhaithe ar 8 agus ar 15 Feabhra i gceardlann Willie Creighton's, Achadh Mór, Co. Mhaigh Eo, agus ar 7 Márta sa Stóras Cearpantóireachta, an Nás, Co. Chill Dara. De bharr an éilimh orthu, sceidealadh trí cinn eile de cheardlanna tríd an tír ach cuireadh ar athlá iad as siocair na paindéime COVID-19. Tá sé beartaithe, áfach, na ceardlanna sin a athsceidealú a luaithe agus is féidir.

### Seimineár Gréasáin ar adhmad a lúbadh agus a lannú



Le linn an tSeimineáir Ghréasáin, fuair na daoine a bhí ann blaiseadh ar an bpleanáil a bhaineann le haonad foghlama a chumadh ar adhmad a lúbadh agus a lannú. Athbhreithníodh samplaí de shaothar scoláirí ar an oíche agus mhínigh an múinteoir i bhfeighil conas a d'fhorbair an t-aonad ó phleanáil go teagasc. Is féidir acmhainní ón seimineár gréasáin seo a rochtain anseo. Tá roinnt de phíosaí na scoláirí le feiceáil thall.

# Amharc-Ealaín

Is mian le foireann na hAmharc-Ealaíne buíochas a ghlacadh leis an 1,163 múinteoir a ghlac páirt i gceardlann na bliana seo darb ainm 'Féach go bhFeice tú agus Níos Faide'. Ceapadh é chun rannpháirtíocht phraiticiúil a spreagadh, agus rinne rannpháirtithe machnamh agus iniúchadh ar ghné an chultúir fhísiúil agus na léirthuisceana trí phlé, líníocht agus tógáil.

http://www.jct.ie/visual_art/cpd_workshops_2019_2020




Sa cheardlann, mheabhraigh muid:

· Cad é atá i gceist le Cultúr Físiúil? Cad é a chuimsíonn sé agus cén tábhacht atá leis?

· Conas a phléimid le Cultúr Físiúil i seomraí ranga na Sraithe Sóisearaí?

· Conas a chabhróimis le scoláirí blaiseadh de réimse déantáin fhísiúla chun cur lena dtuiscint agus lena léirthuiscint? Cén tionchar a thiocfadh a bheith ag Cultúr Físiúil ar a gcuid saothar ealaíne féin?

· Conas a chabhraíonn Cultúr Físiúil le litearthacht fhísiúil?



Spreag ár gcuid plé rannpháirtíocht shaibhir agus thug sé deis dúinn smaointe agus cuir chuige a chomhroinnt chun cabhrú le chéile eispéiris foghlama shaibhre a dhearadh dár gcuid scoláirí.

Bhí lúcháir ar an bhfoireann Amharc-Ealaíne ár gcúigiú Seimineár Gréasáin a chraoladh ar na mallaibh, inar dhírigh muid ar obair a fhorbairt san Amharc-Ealaín. Aithnímid gur am an-dúshlánach do mhúinteoirí, scoláirí agus dá gclann a bhí ann agus is mian linn buíochas ar leith a ghabháil leis an líon mór múinteoirí a tháinig chugainn an tráthnóna sin, is mór linn bhur gcuideachta.





Don seimineár gréasáin seo, i gcomhar le hEalaíona sa tSraith Shóisearach agus ár gcainéal nua podchraoltaí JC Ag Caint, thaifead muid agallaimh leis na healaíontóirí Eileen O'Sullivan, Yvonne Cullivan agus leis an dearthóir Joanne Hynes. Tugadh léargas iontach dúinn ar na bloic sceitseála oibre agus ar na cleachtais stiúideo atá ag na healaíontóirí agus ag an dearthóir, agus go háirithe, an chaoi a n-úsáideann siad ceistiúchán lena gcuid smaointeoireacht féin a spreagadh.

Is dlúthchuid den phróiseas forbartha é an machnamh. An sos nó an mhóimint mhachnaimh seo ní ag machnamh amháin ar ghníomh atá ann, ná ar an rud a rinne muid roimhe ná ar ar tharla san am atá thart. Freisin, is den riachtanas é go ndéantar machnamh le linn gnímh agus muid ag dul tríd an eispéireas. Inár seimineár gréasáin mheas muid an luach atá le 'Criticeoirí' san Ealaín Fhísiúil agus bhí sé d'ádh orainn léargais a fháil ó roinnt dár gcomhlaigh, Orlagh, Sinead agus Faela a mhínigh conas a fhíonn siad móimintí machnaimh trína gcleachtas ranga.


Tá an FhoireannAmharc-Ealaíne ag forbairt acmhainn dhigiteach faoi láthair chun cur leis an gceardlann seo. Beidh sí le fáil sna míonna romhainn i rannán na hAmharc-Ealaíne de www.jct.ie. San idirlinn, is féidir breathnú anseo ar an gCumhacht-Phointe, leabhrán agus acmhainní a úsáideadh ar an lá.

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an Creat do Staidéar Amhairc agus Réimsí Inneachair Ealaín na hArdteistiméireachta, a bhfaightear na naisc chuí leo le fáil thíos




D'eisigh an tUachtarán Ó hUiginn teachtaireacht dóchais agus buíochais do scoláirí san oideachas iar-bhunscoile:





## Fóram na gComhaltaí



Is grúpa ionadach é ár bhFóram Comhaltaí ó gach cuid den SSM agus tugann sé cainéal foirmiúil chun aiseolas, tuairimí, agus smaointe a thabhairt ar ais don eagraíocht. Chas an Fóram le cheile le deireanas chun an staid Reatha san oideachas a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar ról na gComhlach agus iad ag cabhrú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí. Buíochas mór lenár gComhlaigh go léir as ucht bhur gcuid gairmiúlachta agus bhur bpaisin le linn na bliana seo caite. Gach dea-ghuí lenár gcomhlaigh uile sna laethanta / seachtainí romhaibh ar scoil.

## Tacaíocht don Scoil Uile

Tá rún ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí leanúint den tacaíocht FGL don Scoil Uile le linn na chéad bhliana acadúla eile, faoi réir na Comhairle Sláinte Phoiblí agus cabhrú le riachtanais na scoileanna mar is cuí.

In 2020 / 21, tabharfaidh Lá FGL SSM don Scoil Uile rogha do scoileanna ar cheithre chonair agus iad ag díriú ar phleanáil i gcomhair foghlaim scoláire-lárnach ina gcomhthéacs féin. Tá an snáithe sin ina chroíchuid de na ceithre chonair, beag bean ar an gconair a roghnaíonn aon scoil.


Ba bhreá linn na roghanna sin a phlé libh sula ndéanfaidh sibh cinneadh cinnte agus data sealadach a aontú libh don lá a bheas agaibh.

De dheasca na ndálaí Reatha, ní bheidh SSM ag tairiscint aon chuairt scoile (cruinniú leis an mbainistíocht) roimh bhriseadh an tsamhraidh. Tá sé i gceist againn na cruinnithe sin a atairiscint sa scoilbhliain úr.

Ag guí gach dea-mhéin oraibh sna míonna amach romhainn agus ag súil le bheith ag obair libh arís in 2020/21.



# Ceannaireacht




### *An tEolas is Déanaí ó Fhoireann Cheannaireachta SSM Bealtaine 2020*

Ní bheidh seimineáir Cheannaireachta Earrach 2020 na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí dar teideal *'Cur Chuige Scoláire-lárnach a Threorú i leith an Mheasúnaithe'* ní bheidh se ag tarlú anois go dtí dáta níos moille (atá le dearbhú), de dheasca na paindéime Covid-19.

Tá foireann Cheannaireachta SSM ag leanúint orthu ag cabhrú le ceannairí scoile leasú na sraithe sóisearaí a chur i bhfeidhm ina scoil. Éascaíodh é sin trí bhíthin trí cinn de sheimineáir ghréasáin bhreise mar fhreagra ar na riachtanais, de réir mar a tháinig siad chun cinn, a bhí ag ceannairí scoile sa chomhthéacs reatha. Áiríodh iad seo i measc na seimineár gréasáin:

- *Pleanáil ranna ábhar; Roinnt ábhair mhachnaimh ghearrthéarma agus fhadtéarma do cheannairí scoile*
- *Socruithe i gcomhair measúnaithe agus tuairiscithe do scoláirí a bhí ag críochnú na Sraithe Sóisearaí i mí Bealtaine 2020 – Roinnt ábhair mhachnaimh do cheannairí scoile*
- *Ceannaireacht & Bainistíocht ar an gClár Folláine i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí*

Tá rochtain ar na taifeadtaí de na seimineáir ghréasáin sin, agus d'acmhainní eile, le fáil i Rannán Acmhainní na Ceannaireachta ar shuíomh gréasáin SSM.
Ma bhíonn aon cheist agat maidir le ceannaireacht agus bainistíocht na sraithe sóisearaí, téigh i dteagmháil leis an bhfoireann cheannaireachta ag fiona.obrien@jct.ie nó ag helen.costello@jct.ie




Jean Pound
Coláiste Muire
Ennis, Co. Clare




James Duignan
Glenamaddy Community School,
Glenamaddy, Co. Galway



Niall Murphy
Maria Immaculate College,
Dunmanway, Co. Cork







Fionnghuala King
Mount St. Michael
Secondary School
Co. Mayo



Helen Cadogan
St. Brogan's College,
Bandon,
Co. Cork



Gerard O'Leary
Celbridge Community
School
Co. Kildare